



Tacaíocht d'oirbithe cúraim leanaí

Tá sé fógartha ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Katherine Zappone, go mbeidh a Roinn ag tabhairt tacaíochta d'oirbithe cúraim leanaí le linn na géarchéime Covid-19.

Cinntoidh an tacaíocht go bhfaighidh na hoibrithé €586 in aghaidh na seachtaine, an íocaíocht is mó a cheadaítear faoin scéim fhóirdheontais.

Dúirt an tAire más amhlaidh go raibh oibrithé ag saothrú tuarastal níos lú ná an ráta a bhí socraithe ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirice Sóisialaí ag €350, go gcuirfidh Roinn s'aice leis an méid sin go sealadach le fostaithe

a spregadh fanacht lena bhfostóirí.

Sa mhullach air sin, dúirt an tAire Zappone go mbeidh a Roinn ag tairiscint íocaíochtaí do sholáthóirí cúraim leanaí a bheidh comhionann le 15% dá gcostas foirne agus íosmhéid de €300 in aghaidh na seachtaine.

Dúirt sí gur gá do pé rialtas nua a cheapfaí céimeanna a ghlacadh a chinnteoidh go mbeidh soláthar cuí agus tuarastal cothrom ann tar éis don ghéarchéim Covid 19.

Thug an tAire le fios go bhfuil dóchas aici go mbeidh cinneadh á ghlacadh go luath a thabharfadh soiléiriú ar an tacaíocht a

CLÁR NA NUACHTLITREACH

Lch 2

An Intinn Dátteangach

Lch 4

Laochra spóirt

Lch 6

Rannóg na nÓg

An intinn dátheangach

Dátheangachas agus an Inchinn
ag Albert Costa - léargas ar
nósmhaireachtaí teanga.

Agus muid ag tógáil ár bpáistí le
Gaeilge, tuigimid nach daoine
aonteangach atá iontu ach go
mbeidh an Béarla is b'fhéidir níos
mó ná sin acu uile.

Tá dearcthaí ar an dátheangachas
athraithe go mór le glúinte beaga
anuas.

Is maith is eol dúinn go bhfuil an
Ghaeilge ina scéal casta a
bhaineann le leatrom, cúinsí
eacnamaíochta agus eile. Mar
cuid den scéal casta sin, bhíodh
tuismitheoirí ann nár thuig go
raibh feidhm leis an Ghaeilge sa
saol.

Tá an dearcadh diúltach sin in
éadan na Gaeilge imithe i léig go
forleathan anois.

Is daoine léannta, mar dhea, a
bhíodh á chur chun cinn an
coincheap nach dtiocfadh le
intinn leanbh an dá theanga a
phróiseáil. Chuirfeadh an
dátheangachas bac fiú, ar
fhorbairt oideachaisiúil an linbh,
dar le saineolaithe áirithe.

Tháinig athrú ar na tuairimí siúd
ó na seascaidí ar aghaidh áfach, á
bhúí leis an mboradh i dtaighde
eolaíochta agus tuiscint níos
doimhne ar dhifriochtaí idir
chultúir.

Tuigtear anois ar ndóigh, gur
iomaí buntáiste a bhaineann leis
an dátheangachas.

Fuair Albert Costa bás sa bhliain
2018, agus is léiriú maith é a
leabhar *The Bilingual Brian* ar
thaighde a shaoil ar an ábhar.

Ní fhaigheann Costa locht ar
aonteangachas ach déanann sé
iarracht buntáistí an
dátheanachais a chioradh dúinn

go neamhchlaonta.

Is fiú go mór dúinn féachaint ar
thorthaí an taighde. Leiríonn sé
cumas an linbh difriochtaí a
aithint idir theangacha cúpla uair
a choig tar éis a mbreithe. Is eol
duinn chomh maith gur féidir leo
idirdhealú a dhéanamh idir
theangacha, Béarla agus Fraincis
mar shampla, ag brath ar an
radharc atá acu ar bhéal an

chainteora laistigh den chéad
tréimhse sé mhí tar éis na
breithe.

Tagann forbairt shuntasach anuas
ar sin idir 6 - 8 mí ar an saol.
Faoin am seo bheifí ag súil leis
gur féidir leo idirdhealú a
dhéanamh idir theangacha nach
bhfuil taithí acu orthu cheana.

[Ar lean ar leathanch 3](#)

ALBERT
COSTA



The Bilingual Brain

And What It Tells Us
About the Science
of Language

allen lane

An intinn dátheangach

Ar lean ar leathanch 3

Déantar an t-idirdhealú seo trí phatrúin na mbeola a leanúint agus athruithe a thabhairt faoi deara.

Don leabh atá díreach tagtha ar an saol tá próiséas aireachtála ag teastáil chun fuaimeanna a dheighilt ina n-inchinn.

De réir mar théann siad i dtraithí ar fhuaimeanna óna gcéad theanga bíonn níos mó deacrachtaí acu ag déileáil le fuaimeanna i dteangacha eile.

Ní mór don leabh cleachtadh a fháil ar an ngluaiseacht ó theanga go teanga toisc go gceaptar nach bhfuil ach stór teanga amháin san inchinn seachas stóranna deighilte do theangacha éagsúla.

Cruthaítear fadhbanna don té atá dátheangach chun teacht ar stór focal mar thoradh ar seo. Ciallaíonn an síorathrú inchinne go bhfuil siad milleasoicindí níos moille chun ainmneacha a chur ar rudaí comónta.

Shamhlófaí go mbeadh moill bheag ag lorg na bhfocal sa dara teanga ach a mhalairt atá fíor.

Tá Costa an-soiléir faoi na míbhuntáistí beaga bídeacha agus áitíonn sé go bhfuil stór focal níos cúinge sa dá theanga atá ar a dtoil acu ná an té atá aonteangach.

Ní mhaíonn Costa gur saoi ar fad é an duine dátheangach ach léiríonn go bhfuil difríochtaí súntasacha idir an dá inchinn.

Tá sé ar a gcumas ag an leanbh dátheangach tomhas a fheiscint ó pheirspictíocht daoine eile. Tá smacht níos láidre acu ar a n-aird de bharr go ndéanann siad neamhaird ar theanga amháin i gcónaí.

Tuairiscítear chomh maith go bhfuil moill cheithre bliana ar an ngalar néaltrú sula dtéann an galar i bhfeidhm ar an othar i gcás an duine dhátheangaigh.

Insíonn sé dúinn go bhfuil roinnt mhaith buntáistí le teanga a fhoghlaim fós, dóibh siúd nach bhfuil ach teanga amháin acu cheana féin.

Tá i bhfad níos mó i gceist leis na buntáistí ná cúrsaí cultúrtha agus táimid níos tomhaiste agus níos socraithe ag déanamh cinntí sa teanga eachtrach.

Is leabhar den scoth é *The Bilingual Brian*. Cuireann Costa in iúl dúinn go bhfuil intinn an duine dhátheangaigh difriúil i mbealaí beaga ach i mbealaí tábhachtacha fós.

ALBERT
COSTA



The Bilingual Brain

And What It Tells Us
About the Science
of Language

allen lane

Laoch Spóirt – Ann Downey

D'éirigh Ann Downey as a cuid cúramaí mar bhainisteoir ar fhoireann sinsir camógaíochta Chill Chainnigh ag deireadh na bliana seo caite.

Tháinig an fógra chugainn ar an Luan tar éis dóibh Cluiche Ceannais na hÉireann a chailliúint agus ba chloch míle é i saol duine de na pearsa spóirt ba rathúla sa tír.

Ní ar an taobhlíne amháin a bhain sí cliú agus cáil amach di féin áfach. Bhuaigh sí a céad bhonn uile-Éireann siar sa bhliain 1974 agus do bhí dhá bhonn déag sa phóca aici mar imreoir tar éis di a ceann deireanach a thabhairt léi mar chaptaen i 1994.

B'éachtach an t-aicsean é nuair a d'fhill Ann ar an talamh naofa mar bhainisteoir ar fhoireann sinsir Chill Chainnigh i 2016. Do bhí bua stairiúil acu ar an lá san chun deireadh a chur leis an ngorta mór.

Bhí thiar orthu ar an lá mór sa dá bhliain ina dhiaidh sin ach d'éirigh le foireann Ann Downey filleadh ar Bhóthar Mhic Sheoin uair amháin eile anuraidh le rian soiléir an bhainisteora fágtha ar an bhfoireann.

Cheapfadh an té nach bhfuil dianeolas acu ar an gcluiche gur láidir a bhí an spóirt traidisiúnta ó thús ama sa chontae. Ní raibh cuma fholláin ar chúrsaí nuair a bhí Ann Downey ag fás aníos áfach.

Ní hamháin nach raibh craobh na hÉireann buaite acu roimh 1974 ach níor bhaineadar lá an chluiche ceannais amach go dtí 1970.

N'fheadar ar shamhlaigh éinne go mbeadh ré órga rompu ina dhiaidh sin ach ré speisialta a bhí ann gan dabht agus déanam



amach nárbh aon chomhtharlúint é gur tháinig Ann agus a deirfiúr aitheanta Angela ar an bhfód ag tús na réabhlóide sin.

Ba léir go raibh buanna ar leith aici riamh ach ní thiteann an t-úll i bhfad ón gcrann agus is fíor san i gcás Ann Downey go deimhin.

Do bhí an cluiche ag sruth trí na cuislí aici ón lá a tháinig sí ar an saol agus tháinig a cumas chun solais gan mhoill agus í ag fás

aníos. Ba é an t-íománaí mór le rá Shem Downey a hathair, beannacht Dé lena anam dílis.

Bhuaigh Shem bonn uile-Éireann le Cill Chainnigh i 1947 nuair a bhualadar ar íománaithe Chorcaí ar lá a bhí Christy Ring ag imirt don bhfoireann cois Laoi. Ní raibh sé de phribhléid agamsa an fear uasal a fheiscint i mbun a cheirde faraor ach deirtear gur

[Ar lean ar leathach 5](#)

Ar lean ó leathacnach 4

iománaí oilte agus crua ab ea é.

Fear nach raibh sásta géilleadh idir na línte bána riamh agus bhí na tréithe céanna go smior ina bheirt iníonacha ón gcéad lá a chuir sé camán ina lámh acu. Luadh go mionmhínic sna meáin éagsúla go raibh tréithe áirithe

le feiscint i mná Chill Chainnigh ó tháinig Ann i bhfeighil orthu.

Chuir siad ana-bhéim ar an obair agus go mórmhór nuair nach raibh an tseilbh acu bhí siad luite amach orthu féin ag iarraidh straidhn a chur ar a gcéile comhraic agus is ar an mbunchloch sin a tógadh caisleán na foirne. Ní haon

ionadh san óir ba ar an mbunchloch chéanna a tógadh a mbainisteoir agus í ag cruthú staire ina saol camógaíochta féin.

Is iomaí caibidil chamógaíochta atá scríte ag muintir Downey síos tríd na blianta, ach tá rud éigin ag rá liom nach bhfuil deireadh an leabhair léite againn fós.

Aimsigh na Focail

N	L	L	I	L	T	N	I	L	H	M	I	O	C
B	H	R	I	A	T	S	B	C	H	A	I	L	L
H	G	I	N	N	I	A	H	C	L	L	I	C	A
U	R	O	B	A	I	R	L	U	A	S	H	L	N
A	R	A	O	B	R	A	E	T	S	I	A	H	N
I	O	C	N	O	C	C	I	L	C	A	L	D	A
G	O	O	N	N	B	L	L	A	O	C	H	A	E
H	D	R	E	N	A	C	U	L	I	H	H	T	L
I	S	C	C	U	A	L	A	I	H	A	H	H	I
B	T	A	L	L	A	N	N	N	C	H	A	C	C
T	C	I	O	C	T	I	H	N	A	H	U	A	S
I	H	G	G	A	R	E	A	B	L	E	E	E	A
T	L	H	A	T	C	L	S	M	I	N	B	L	O
O	I	L	D	H	R	I	O	E	R	M	I	C	N

CLEACHTADH
LUAS
CLUICHE
CORCAIGH
TALLANN
CILL CHAINNIGH
LAOCH
CLOGAD
STAIR
BHUAIGH
SCILEANNA
CATH
AISTEAR
COIMHLINT
BONN
IMREOIR
BEAN
CHAILL
OBAIR





Aireachas do Pháistí 3



Bád ar Snámh

Luigh ar an úrlár, ar mhata nó ar do leaba. Dún do shúile agus tarraing isteach trí anáil dhomhain aireach.

1

Samhlaigh go bhfuil tú i mbád agus go bhfuil sé ar snámh ar bharr an uisce san abhainn. Tá an ghrian ag soilsiú agus tá gaoth éadrom ann. Má thagann aon smaointí eile chugat, lig dóibh imeacht ar an ghaoth sin.

2

Cuir aoibh an ghéire ort le gach anáil. Tabhair faoi deara mar a bhogann d'aghaidh; do leicne, do bhéal, dó shúile.

3

Lig do scíth ar do bhád ar feadh cúpla bomaite. Coinnigh aoibh an ghéire ort i rith an ama. Is féidir seo a chleachtadh am ar bith a mothaíonn tú brónach.

4



**Glór
na nGael**

Déan teagmháil linn:
marcas@glornangael.ie



Gníomhaíocht 29



Pictiúr Dúlra



De Dhíth

Gliú
Páipéar dáite
Sreang
Siosúr
Duilleoga
Bataí
Bláthanna
Peann luaidhe

Céimeanna

1. Gabh ar siúlóid le do theaghlach agus bailigh rudaí nádúrtha deasa ar nós duilleoga, bláthanna, féar agus eile.
2. Scríobh d'ainm le peann luaidhe ar an pháipéar. Bain úsáid as an leathanach ar fad.
3. Cuir gliú ar na litreacha ar fad.
4. Déan na litreacha leis an ábhar a bhailigh tú agus le sreang fosta.